# Innealtóireacht

**JCt4 Nuchtlitir**

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun **spreagadh, tacaíocht** agus **cumhacht** a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

## FGL 2022/2023

Sa scoilbhliain reatha, beidh an Fhoireann Innealtóireachta ag seachadadh FGL do gach múinteoir Innealtóireachta cláraithe ar fud na tíre. Beimid ag tosú ar sheachadadh ar líne an FGL againn i mí na Samhna agus críochnóimid i mí an Mhárta. Táimid ag súil le bualadh leat arís sa bhliain amach romhainn.

## MRB 2 – Taighde agus Forbairt

Roimh bhriseadh an tsamhraidh, d'fhógair an CNCM an téama do MRB 2. Tá baint aige seo le téama thionscadal an CSS. Cuirfear MRB 2 i gcrích le linn tréimhse trí seachtaine sa chéad téarma den bhliain acadúil reatha, sula dtosaíonn tionscadal an CSS. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin téama '**Ardú agus Ísliú: Meicníochtaí, Feistí, agus Teicnící**' cliceáil ar an mbosca seo a leanas:

MRB 2: Cliceál anseo do théama 2022/2023

Sonraí téama

Agus sibh ag dul de phróiseas MRB2, bheadh tairbhe le baint as ár ndoiciméad 'Nithe Tábhachtacha le cur san áireamh do MRB2' ,. Faightear roinnt eolais ann agus céimeanna is féidir a ghlacadh agus sibh ag plé le Measúnuithe Rangbhunaithe. Tá an doiciméad seo, agus tacaí eile do na Measúnuithe Rangbhunaithe, ar fáil anseo.

## Fáilte




Thar ceann na foirne Innealtóireachta, ba mhaith linn fáilte a chur romhat chuig an 12ú eagrán de Nuachtlitir Innealtóireachta JCt4, 'Eagrán an Fhómhair 2022'. Cuirimid fáilte romhaibh ar ais chuig na scoileanna agaibh faoi seach agus tá súil againn go raibh briseadh breá samhraidh agaibh chun teacht chugaibh féin arís. Agus sibh ag ullmhú chun tús a chur leis an mbliain acadúil nua, seo thíos roinnt nuashonruithe agus eolais ó fhoireann Innealtóireachta JCt4.


## Nuashonrú Foirne

I mbliana tá athrú comhairleora ag an bhfoireann agus agus fágáimis slán lenár gcomhghleacaí Fionntán Breathnach atá ag imeacht ónár bhfoireann. Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun aitheantas foirmiúil a thabhairt don obair ollmhór atá déanta ag Fionntán don fhoireann agus d'fheidhmiú céimneach Shonraíocht Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí nua. Amach anseo, beidh Ciarán Ó Ceallacháin agus Proinsias Ó Fearáil ina gComhairleoirí Innealtóireachta in SSM.

## I-Foirm agus priontáil 3T



Anuraidh, reáchtáil muid ceardlann roghnach phriontáil 3T an-rathúil i gcomhpháirtíocht le I-Form agus 3D WIT. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach múinteoir a ghlac páirt sa cheardlann roghnach sin. D'éirigh go hiontach leis an gclár agus táimid ag súil go mór le bheith ag obair arís lenár gcomhpháirtithe chun níos mó FGL a chur ar fáil sa réimse seo. Coinnigh súil ar an nGiolcaire atá againn agus ar ríomhphoist ónár liosta seoltaí chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh le bheith rannpháirteach. Táimid ag iarraidh samhail chumaisc seachadta a chur ar bun faoi láthair le roinnt seisiúin duine le duine agus clinic ar líne chun cabhrú le múinteoirí. Beidh teorainn le háiteanna, mar sin coinnigh súil le haghaidh tuilleadh eolais sna seachtainí amach romhainn



## Comhdháil ETTA 2022

Tá Limistéar 2 (Luimneach, an Clár, Ciarraí, agus Múinteoirí Faoi Oiliúint ag Ollscoil Luimnigh) de Chumann na Múinteoirí Teicneolaíocht Innealtóireachta (ETTA) ag reáchtáil chomhdháil na bliana seo. Beidh Comhdháil Náisiúnta & CCB 2022 ar siúl Dé hAoine 25 agus Dé Sathairn 26 Samhain i Luimneach. Is ócáid iontach í ina bhfaigheann múinteoirí deis a bheith ag plé le múinteoirí Innealtóireachta, Grafaice agus Teicneolaíocht Fheidhmeach eile. Beidh seastáin sna hallaí comhdhála ag soláthraithe agus beidh réimsí eile ann ina mbeadh suim ag múinteoirí iontu. Beidh foireann Innealtóireachta SSM i láthair freisin agus táimid ag súil le bualadh leat ag an gcomhdháil. Gabh i dteagmháil le hionadaí áitiúil s'agat chun tuileadh eolais a fháil.

TUS
Technological University of the Shannon: Midlands Midwest
Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre Iarthar Láir

ETTA.ie

### Cainéal Podchraolta Praiticiúil

Meabhrúchán beag go bhfuil ár gcainéal podchraolta féin againn ar Soundcloud, atá ar fáil anseo. Tá níos mó podchraoltaí ag teacht sna míonna beaga amach romhainn. Cuirfimid ar an eolas sibh faoi phodchraoltaí nua nuair a bheidh siad ar fáil, tríd an chor poist agus ar an gcóras giolcaireachta.

I bpodchraoltaí roimhe seo, bhí agallaimh againn le saineolaithe Priontáil 3T, dearthóir seodra, deileadóir adhmaid, Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain agus go leor daoine eile a bhfuil spéis acu sa tsraith ábhar T4.




## Cumarsáid

@JCt4ed

www.jct.ie

Mailing List

## Liosta Ábhair CSS

Roimh an samhradh, d'eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit liosta na bpáirteanna do thionscadal Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí. Rinneadh é seo chun na ceisteanna soláthair a mhaolú atá feicthe againn ar fud an domhain de bharr na paindéime agus an Chogaidh san Úcráin. Cuireadh an liosta páirteanna ar ríomhphost chuig gach scoil i mí an Mheithimh, mar sin cuardaigh an t-eolas is déanaí ar sin.

## Innealtóireacht sa domhan mórthimpeall orainn

Sa chuid seo déanaimid iniúchadh ar scéalta ó gach cearn den domhan a bhaineann leis an Innealtóireacht agus an chaoi a bhfuil dul chun cinn san Innealtóireacht ag feabhsú an domhain mórthimpeall orainn.



Tá laghdú ag teacht ar dhaonra na mbeach ar fud an domhain, agus dá bharr sin tá imní ag méadú go bhféadfadh nach dtarlódh pailniú chomh rialta, agus go dtiocfadh meath ar bharra. Thosaigh Eijiro Miyako agus a fhoireann, in Institiúid Náisiúnta Ard-Tionscail Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Seapáine, ag fiosrú úsáid drón chun cabhrú le crosphailniú plandaí.

Deir Miyako go bhfuil an fhoireann ag obair ar dhróin fhéinrialaitheacha a fhorbairt a d'fhéadfadh cabhrú le feirmeoirí a mbarra a phailniú. Beidh GPS (Corás Suite Domhanda), ceamaraí ardtaifigh, agus intleacht shaorga ag teastáil chun go ndéanfaidh na dróin a mbealach idir bláthanna a rianú go neamhspleách agus tuirlingt orthu i gceart. Beidh sé tamall áfach, sula mbeidh sin uilig ullamh.

Chun tuilleadh eolais a fháil lean an nasc seo:
https://www.newscientist.com/article/2120832-robotic-bee-could-help-pollinate-crops-as-real-bees-decline/
Roinnt torthaí foghlama féideartha a bhaineann leis an tionscnamh seo: 1.1, 1.6, 2.2, 3.3, 3.4, 3.5.

## Ócáid Foghlama ar Líne (OLE)




Tá ár gcuid Ócáidí Foghlama ar Líne an Fhómhair ag tarlú arís i mbliana idir 24 agus 27 Deireadh Fómhair. Díríonn na himeachtaí seo ar réimsí spéise eile laistigh de na hábhair againn. In imeachtaí OLE roimhe seo, labhair muid le comhlaigh a bhain triail as straitéisí dearaidh lena gcuid scoláirí. D'amharc muid freisin ar an meicitreonaic le seomra ranga micro:bit agus d'éist muid leis an gcaoi ar thug múinteoirí an tsonraíocht Innealtóireachta nua chun beatha ina seomraí ranga. Faoi láthair táimid ag obair ar Ócáid Foghlama ar Líne i gcomhair Fhómhar na bliana seo agus fógrófar é trínar liosta seoltaí agus tríd an gcóras Giolcaireachta sna seachtainí amach romhainn. Tá súil againn go mbeidh sibh linn ar an oíche.

## Nuacht agus Imeachtaí

Leanaigí oraibh ag spreagadh bhur gcomhghleacaithe clárú le nuachtlitir Innealtóireachta JCt4 tríd an liosta seoltaí anseo. Féach ar an gcluaisín nuacht agus imeachtaí laistigh de Rannóg na dTeicneolaíochtaí ar jct.ie agus lean muid ar an leathanach Giolcaire againn @JCt4ed. Ná bíodh drogall oraibh teagmháil a dhéanamh le haon bhall den fhoireann le bhur gceisteanna ar ríomhphost ar an leathanach baile jct.ie.

Bail ó Dhia ar an obair sa bhliain atá amach romhainn,
Le dea-mhéin

**Foireann Innealtóireachta JCT4.**